


Tuarascáil Bhliantúil

2021



BERS

An Bord Eorpach um Riosca Sistéamach

An Córas Eorpach um Maoirseacht Airgeadais

Clár

Réamhrá	2
Achoimre feidhmiúcháin	4
Inphionta	7



Réamhrá



Christine Lagarde, Cathaoirleach an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach (BERS)

Táim an-sásta an 11ú Tuarascáil Bhliantúil de chuid an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach (BERS) a chur i láthair, a chlúdaíonn an tréimhse idir an 1 Aibreán 2021 agus an 31 Márta 2022. Is cuid thábhachtach de chreat cumarsáide BERS í Tuarascáil Bhliantúil BERS. Is é is aidhm léi an trédhearcacht agus an chuntasacht a chinntiú maidir leis an gcaoi a gcuireann BERS i gcrích a shainordú agus is ar chomhreachtóirí san Aontas Eorpach agus ar phobal na hEorpa i gcoitinne a dhírítear í.

Cuid shonrach den bhliain 2021 ba ea an meath i rioscaí cobhsaíochta airgeadais a bhain le paindéim an choróinvírís (COVID-19) de réir mar a bhailigh an téarnamh eacnamaíoch in AE neart agus gur laghdaíodh an riosca cláir chomhardaithe do ghnólachtaí agus do theaghlaigh de réir a chéile. Mar sin féin, i

dtreo dheireadh na bliana bhí dúshlán roimh an téarnamh méadaitheach agus géaraíodh brúnna boilscitheacha domhanda mar gheall ar chur isteach ar an slabhra soláthair agus méaduithe ar phraghsanna fuinnimh.

Is tragóid dhaonnúil é ionradh na Rúise ar an Úcráin a bhí ina cúis freisin le turraing dhian do gheilleagar na hEorpa. Cé go bhfuil neamhchosaintí díreacha ar chóras airgeadais na hEorpa ar an Rúis teoranta, tá impleachtaí ag éifeachtaí dara babhta d'ionchais fáis eacnamaíoch. Ba mheasa brúnna boilscithe domhanda de dheasca an bhorraidh i bpraghsanna fuinnimh agus tráchtearraí mar gheall ar an gcogadh, a ndearnadh athmheasúnú ar chonair an bheartais airgeadaíochta i ngeilleagair mhóra dá bharr. Ardaíodh an leibhéal cibir-riosca freisin mar gheall ar an ionradh, leibhéal a bhí ag ardú ar fud na mbonneagar airgeadais go léir.

San idirlinn, lean laigí meántéarmacha i margaí tithíochta ar aghaidh ag ardú gan mhaolú i rith na tréimhse athbhreithnithe. Sa chomhthéacs sin, d'eisigh BERS rabhaidh nó moltaí do sheacht dtír. Le hanailís BERS tarraingíodh aird ar laigí a bhaineann leis na nithe seo an leanas: (i) an fhéidearthacht go ndéanfaí róluacháil ar réadmhaoín chónaithe, (ii) leibhéal an fhiachais teaghlaigh, (iii) fás in iasachtaí tithíochta, agus (iv) comharthaí go bhfuil caighdeán um iasachtú ag éirí scaoilte.

Mhol BERS freisin creat comhordaithe cibirtheagmhais sistéamach uile-Eorpach a bhunú d'fhonn a chinntiú go mbraitear a leithéid de theagmhas go luath.

I rith na tréimhse athbhreithnithe, lean BERS ar aghaidh lena obair chun creat macrastuamachta AE do bhainc a neartú agus chuir sé go gníomhach le hobair stuamachta eile chun an earnáil airgeadais i gcoitinne a neartú. Go háirithe, d'fhoilsigh BERS nóta coincheapa ina leagtar amach a thuairimí maidir leis an gcaoi chun an creat macrastuamachta do bhainc a chur in oiriúint do na deich mbliana seo romhainn. Príomh-mholadh is ea creat dlíthiúil AE a shaibhriú le bearta iasachtaí-bhunaithe le haghaidh iasachtaí réadmhaoine. Thug BERS anailís



dhomhain ar inúsáidteacht caipiteal maolánach na mbanc agus chuir sé chun tosaigh creat coincheapúil nua chun an seasamh beartais macrastuamachta a mheas.

Maidir leis an gcóras airgeadais níos leithne, d'eisigh BERS moladh a raibh d'aidhm aige aghaidh a thabhairt ar laigí marthanacha i gcistí margaidh airgid. D'fhreagair BERS freisin do chomhairliúchán spriocdhírthe an Choimisiúin Eorpaigh ar an athbhreithniú ar chreat imréitigh lárnach AE. D'fhoilsigh sé freisin a thuairimí ar mholtaí an Choimisiúin chun Sócmhainneacht II agus Treoir Bhainisteoir an Chiste Infheistíochta Mhalartaigh a athbhreithniú.

Scrúdaigh BERS freisin na rioscaí níos leithne a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chobhsaíocht an chórais airgeadais, le hiniúchadh ar dtús ar impleachtaí margáí criptea-shócmhainne na hearnála príobháidí agus feidhmeanna airgeadais díláraithe. In éineacht leis an mBanc Ceannais Eorpach, d'fhoilsigh BERS freisin comhthuarascáil ina ndéantar tionchar an athraithe aeráide ar ghnólachtaí airgeadais AE trí spreagthaí éagsúla a mhapáil.

Le linn na tréimhse athbhreithnithe, d'fhág roinn comhghleacaithe dílse a bhfuil ardmheas orthu a ról agus rinneadh ceapacháin úra. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le Jens Weidmann, iar-Uachtarán Deutsche Bundesbank, Ignazio Visco, Gobharnóir Banca d'Italia agus Pierre Wunsch, Gobharnóir Nationale Bank van België/Banque Nationale de Belgique, as an méid a chuir siad le hobair Choiste Stiúrtha BERS, agus Javier Suarez as a léargais mar Chathaoirleach ar an gCoiste Comhairleach Eolaíoch (CCE). Ag an am céanna, ba mhaith liom fáilte chroíúil a chur roimh François Villeroy de Galhau, Gobharnóir Banque de France, Mário Centeno, Gobharnóir Banco de Portugal, agus Lars Rohde, Gobharnóir Danmarks Nationalbank, mar chomhaltaí nua de Choiste Stiúrtha BERS agus Lorian Pelizzon mar Chathaoirleach nua CCE.

Christine Lagarde
Cathaoirleach BERS



Achoimre feidhmiúcháin

Tá rioscaí don chobhsaíocht airgeadais ardaithe go follasach ó tharla ionradh na Rúise ar an Úcráin agus bhí siad cuid mhaith níos airde ag deireadh na tréimhse athbheithnithe ná mar a bhí bliain níos luaithe.¹ Tá tionchar eacnamaíoch an chogaidh san Úcráin, chomh maith le teannadh coinníollacha airgeadais trí bhíthin normalú leanúnach beartas airgeadaíochta, ag cur isteach go mór ar an téarnamh ó ghéarchéim an choróinvíris (COVID-19). De bharr boilsciú ard fada agus ionchais fáis ag meathlú mar gheall ar an ardú mór i bpragsanna fuinnimh, bia agus tráchtarraí agus cur isteach ar shlabhra an tsoláthair, tá méadú i gcostas an chistiúcháin agus tá acmhainneacht fiach-sheirbhíse ag laghdú. Mar gheall ar chumasc na bhforbairtí seo agus a gcómhéadú féideartha tá an éiginnteacht agus an fhéidearthacht go réadófar cásanna de riosca go dtarlódh cailteanas mar gheall ar theagmhas annamh.

Tá na forbairtí níos deireanaí seo i gcodarsnacht leis na treochtaí i réim in 2021, a raibh de chomhartha sóirt acu téarnamh de réir a chéile, cé go raibh sé stadach ar uairibh, ó ghéarchéim COVID-19 agus meath i rioscaí cobhsaíochta airgeadais sa ghearrthearma. Mar gheall ar théarnamh gheilleagar AE ón bpaindéim, laghdaíodh de réir a chéile riosca an struis cláir chomhardaithe in earnáil na gcorparáidí neamhairgeadais (CNA) agus iarmhairtí laigí CNA do bhainc. Mar sin féin, lean laigí ar aghaidh ag ardú ar fud margaí le haghaidh cothromais agus sócmhainní rioscúla chomh maith le sa mhargadh réadmhaoine cónaithe (RMC), inar chuir luachálacha sínte leis an riosca go mbeadh coigeartuithe praghais ann sa mheántearma.

Sa dara leath de 2021, lean athraithe nua den choróinvíreas ar aghaidh ag déanamh cur isteach ar shlabhra an tsoláthair mar gheall ar an bpaindéim agus bhí pragsanna tráchtarraí agus fuinnimh ina gcúis le boilsciú a bheith ag ardú go domhanda. Chuir na brúnna praghais seo le laigí a bhain leis an bpaindéim agus thug siad dúshlán don téarnamh méadaitheach (pléitear laigí a eascraíonn ó bhoilsciú ard i mBosca 1). Sa chéad chuid de 2022 bhí coigeartuithe suntasacha ann ar fud margaí banna agus cothromais trí bhíthin athmheasúnuithe ar chonair an bheartais airgeadaíochta sna Stáit Aontaithe agus sa limistéar euro.

B'ionann ionradh na Rúise ar an Úcráin agus turraing ghéar a chuir leis na loirg a d'fhág paindéim COVID-19. Cé go bhfuil neamhchosaintí earnáil airgeadais AE don Rúis agus don Úcráin faoi smacht, d'fhéadfadh éifeachtaí dara babhta tionchar a imirt uirthi mar gheall ar mheath in ionchais fáis, muinín infheisteoirí agus tomhaltóirí agus coigeartuithe féideartha i bpragsanna sócmhainní. Ardaíodh an leibhéal cibir-riosca freisin mar gheall ar ionradh na Rúise, a bhí ag ardú thar am ar fud na mbonneagar airgeadais go léir.

Chun aghaidh a thabhairt ar laigí atá ag fás san earnáil RMC, d'eisigh BERS rabhaidh agus moltaí do sheacht dtír. Tugadh rabhaidh d'airí inniúla ó chúig thír a raibh laigí nua-aitheanta acu nár tugadh aghaidh orthu go himleor: An Bhulgáir, an Chróit, an Ungáir, Lichtinstéin agus an tSlóvaic. Cuireadh moltaí go dtí airí inniúla dhá thír eile: An Ghearmáin agus an Ostair. Tar éis do na moltaí seo a bheith déanta, d'fhógair na húdaráis sa Ghearmáin agus san Ostair bearta nua

¹ Ritheann an tréimhse athbheithnithe le haghaidh na tuarascála seo ón 1 Aibreán 2021 go dtí an 31 Márta 2022.



chun aghaidh a thabhairt ar laigí in earnáil RMC. D'fhoilsigh BERS freisin measúnú ar chomhlíonadh le moltaí a eisíodh in 2019.

Chun aghaidh a thabhairt ar an riosca atá ag ardú a bhaineann le cibirionsuithe, mhol BERS freisin creat comhordaithe cibirtheagmhais sistéamach uile-Eorpach a bhunú. Má tá comhordú agus cumarsáid luath ann i gcás cibirtheagmhais d'fhéadfadh sin a bheith ina chabhair chun a leithéid de theagmhais a bhrath agus freagairt dóibh go luath. Bhí roinnt gnéithe den mholadh seo ag ardchéim den chur i bhfeidhm faoi am ionradh na Rúise ar an Úcráin, mar shampla monatóireacht ar cibirtheagmhais a bhfuil impleachtaí féideartha ag baint leo le haghaidh cobhsaíocht airgeadais.

Le dhá mhí dhéag anuas, chuir BERS le neartú an chreata macrastuamachta do bhainc.

Chuir BERS ar fáil a thuairimí mar fhreagairt ar ghlao an Choimisiúin Eorpaigh ar chomhairle ar athbhreithniú an chreata sin. Mar chuid dá mholtaí, mhol BERS creat dlíthiúil AE a shaibhriú le bearta bunaithe ar iasachtaithe le haghaidh iasachtaí RMC. Chuir BERS anailís dhomhain ar fáil ar inúsáidteacht caipiteal maolánach na mbanc agus chuir sé chun tosaigh creat coincheapúil nua le haghaidh an tseasaimh beartais macrastuamachta, a raibh sé i gceist leis rioscaí sistéamacha a chur i gcomparáid leis na bearta beartais a ghlactar chun tabhairt fúthu. Lean BERS ar aghaidh freisin ag déanamh monatóireacht ar na bearta macrastuamachta a ghlac tíortha sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE).

Maidir leis an gcóras airgeadais níos leithne, d'eisigh BERS moladh dírithe ar aghaidh a thabhairt ar laigí leanúnacha i gcistí margaidh airgid (CMAnna) – a d'éirigh soiléir arís eile ag tús phaindeim COVID-19 – agus d'fhreagair sé comhairliúchán dírithe de chuid an

Choimisiúin Eorpaigh ar athbhreithniú chreat imréitigh lárnach AE. Leis an gcion deiridh tógadh ar fhreagairt BERS ar an gcomhairliúchán ón Údarás Eorpach um Urrúis agus Margáí (ESMA) maidir le tábhacht contrapháirtithe lárnacha (CPL) RA agus a seirbhísí imréitigh, a foilsíodh freisin le linn na tréimhse faoi athbhreithniú. Lean BERS ar aghaidh ag cur ar fáil cásanna díobhálacha tástála struis a rinne na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha (ÚMEnna) agus d'fhoilsigh sé tuarascáil ar impleachtaí cobhsaíocht airgeadais Chaighdeán 17 (IFRS 17) um Thuairisciú Airgeadais ar chonarthaí árachais. D'fhoilsigh BERS freisin a thuairimí ar mholtaí an Choimisiúin chun Sócmhainneacht II agus Treoir Bhainisteoir an Chiste Infheistíochta Mhalartaigh (TBCIM) a athbhreithniú.

Ina theannta sin, ghlac BERS céimeanna breise lenar díriodh ar “rioscaí hibrideacha” – is iad sin, rioscaí níos ginearálta a d'fhéadfadh tionchar a imirt freisin ar an earnáil airgeadais.

Bhunaigh BERS grúpa ardleibhéil chun raon agus riachtanas oibre anailísí ar impleachtaí sistéamacha margáí criptea-shócmhainní na hearnála príobháidí agus feidhmeanna airgeadais dhílártaite (DeFi) le haghaidh chobhsaíocht earnáil airgeadais AE, ag réiteach an bhealaigh do mheasúnú ar an ngá le hobair bheartais sa réimse seo. In éineacht leis an mBanc Ceannais Eorpach (BCE), d'fhoilsigh BERS freisin tuarascáil ina ndéantar tionchar an athraithe aeráide ar ghnólachtaí airgeadais AE trí spreagthaí éagsúla a mhapáil.

Lean BERS ar aghaidh ag déanamh measúnaithe ar chur i bhfeidhm a mholtaí roimhe seo.

Ar deireadh, de réir oibleagáidí cuntasachta agus tuairiscithe BERS, d'fhreastail Cathaoirleach BERS ar éisteacht phoiblí ar an 1 Iúil 2021 os comhair an Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta Pharlaimint na hEorpa (CGEA) agus bhí dhá chruinniú fhíorúla faoi rún aige le



Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirligh CGEA chun rioscaí don chobhsaíocht airgeadais a phlé.
D'eagraigh BERS freisin roinnt comhdhálacha agus ceardlann (lena n-áirítear comhdháil chun
cothrom deich mbliana óna bhunú a cheiliúradh) chun plé a chothú ar bheartas macrastaumachta.



Inphrionta

© An Bord Eorpach um Riosca Sistéamach, 2022

Seoladh poist 60640 Frankfurt am Main, An Ghearmáin
Guthán +49 69 1344 0
Suíomh Gréasáin www.esrb.europa.eu

Gach ceart ar chosaint. Ceadáítear atáirgeadh ar mhaithe le hoideachas agus le cúiseanna nach mbaineann le tráchtáil a fhad is go dtugtar aitheantas don fhoinsé.

Ba é an scoithdháta le haghaidh na sonraí atá san áireamh sa tuarascáil seo an 31 Márta 2022.

Le haghaidh téarmaí faoi leith tagair do [ghluais BERS](#) (ar fáil i mBéarla amháin).

PDF ISBN 978-92-9472-283-6, ISSN 2600-528X, doi:10.2849/885461, DT-AB-22-001-GA-N